

## Coláiste an Chreagáin

### Folúntas do choimhdeacht Bus

<b>Scoil:</b>	Coláiste an Chláirín, Mountbellew, Baile Átha na Sluaighe, Co. na Gaillimhe
<b>Bealach:</b>	Crosswell, Creggs, Co. na Gaillimhe go dtí Coláiste an Chreagáin agus ar ais.
<b>Cineál Conartha:</b>	Sealadach agus páirtaimseartha
<b>Uair:</b>	16 uair agus 40 nóiméad in aghaidh an seachtaine

### Ráta in aghaidh na huair:

Is €15.82 an ráta pá athbhreithnithe in aghaidh na huair ón 1 Feabhra 2026.

### Pá Saoire:

Íocfar pá saoire i gcónaí ag 8% (€15.82 x 8%) an ráta pá athbhreithnithe in aghaidh na huair, pá saoire san áireamh, le héifeacht ón 1 Feabhra 2026.

### FREAGRACHTAÍ AN CHOIMHDIRE

- Ní mór don choimhdire a chinntiú go bhfuil siad ar an mbus nuair a bhailítear an chéad dalta agus nuair a thuirlingíonn an dalta deireanach ón mbus
- Tá siad freagrach as sábháilteacht leanaí nuair a osclaítear agus nuair a dhúntar na doirse sula stopann an bus agus sula dtosaíonn sé ag gluaiseacht arís
- Cúnamh a thabhairt do leanaí dul ar an mbus agus teacht ón mbus go sábháilte
- Cinntiú go bhfuil gach leanbh ina shuí le strapáí cuí, agus le húmacha nuair is ann dóibh
- Cinntiú go bhfuil duine freagrach éigin ann chun bualadh le gach dalta ag an áit a dtuirlingíonn siad ón bhus

### DUALGAIS AN CHOIMHDIRE

- Maoirseacht a dhéanamh ar leanaí ar an mbus
- Dea-chaidreamh a chothú le tiománaí an bhus
- Feidhmiú mar theagmhálaí idir an Príomhoide agus/nó Múinteoir Ranga agus tuismitheoirí nuair a éilítear é i.e. teachtaireachtaí agus litreacha a thabhairt do thuismitheoirí.
- Cloí le rúndacht i ngach gné den obair
- A bheith ar an eolas faoi aon mhíchumas faoi leith atá ag leanaí ar an mbus agus a bheith curtha ar an eolas ag an bPríomhoide faoin gcaoi déileáil leis an gcéanna, e.g. titimeas etc.
- Aon dualgas eile a chomhlíonadh atá ábhartha don phost mar choimhdire a d'fhéadfadh a bheith sannta ag an bPríomhoide ó am go chéile
- Níor cheart don choimhdire an bus a fhágáil go deo ach amháin i gcúinsí eisceachtúla.
- Ba cheart don choimhdire fanacht san áit ar féidir an smacht is mó a bheith aige/aici ar na leanaí i.e. ar chúl an bhus

- Ba cheart gach ábhar inní a chur faoi bhráid an Phríomhoide agus/nó an Mhúinteora Ranga

### **AN BHFUIL COIMHDIRÍ I dTEIDEAL PÁ SAOIRE:**

#### **MAIDIR LE: AN tACHT UM EAGRÚ AMA OIBRE, 1997**

Tá gach fostaí incháilithe do shaoire íoctha agus i dteideal pá saoire ag ráta arb ionann é agus 8% den tuilleamh, beag beann ar stádas nó ar sheirbhís.

Íoctar pá do Laethanta Saoire Poiblí dóibh siúd atá i dteideal a íoctha ag ráta arb ionann é agus an cúigiú cuid de ghnáthuaireanta seachtainiúla (**BÍONN AN CHUID IS MÓ DE CHOIMHDIRÍ I dTEIDEAL A ÍOCTHA**). De réir na reachtaíochta, ní mór d'oibrí páirtaimseartha ar a laghad 40 uair san iomlán a bheith oibrithe aige nó aici sna 5 seachtain díreach roimh an lá saoire poiblí chun a bheith incháilithe

Is iad seo a leanas na hocht lá saoire poiblí:

- 1 Eanáir
- Lá Fhéile Pádraig
- Luan Cásca
- An Chéad Luan i mí na Bealtaine
- An Chéad Luan i mí an Mheithimh
- An Luan Deireanach i mí Dheireadh Fómhair
- Lá Nollag
- Lá Fhéile Stiofáin

**Is gá iarratais a chur isteach trí fhoirm iarratais ar líne, ní ar aon bhealach eile, faoin 12.00 09.06.2026**